# Tar ag obair linn!

## Tá Ealaín na Gaeltachta ag lorg

# Cúntóir Riaracháin (Ealaíona don Óige)

# Cúntóir Riaracháin (Ealaíona)

Údarás na Gaeltachta
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht
the arts council an chomhairle ealaíon
cistiú na healaíona

# Tá Ealaín na Gaeltachta ag lorg beirt Chúntóirí Riaracháin

Tá Ealaín na Gaeltachta) Teo. ag tairiscint dhá phost lánaimseartha mar Chuntóirí Riaracháin.

**1. Cúntóir Riaracháin (Ealaíona don Óige)**

Gheobhaidh an té a cheapfar taithí ar fhorbairt na n-ealaíon don óige i gcomhthéacs Gaeltachta. Cuideoidh an Cúntóir Riaracháin (na hEalaíona don Óige) le pleanáil, le riar agus le cur i bhfeidhm chlár Cuisle – an clár forbartha ealaíon don óige atá ag Ealaín na Gaeltachta. Beidh an ról seo lonnaithe in Oifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha, Co. na Gaillimhe.

**2. Cúntóir Riaracháin (Ealaíona)**

Gheobhaidh an té a cheapfar taithí ar riaradh poiblí na n-ealaíon sa Ghaeltacht. Cuideoidh an Cúntóir Riaracháin (Ealaíona) le dualgais riaracháin agus comhordaithe i ngach foireann agus clár réigiúnach de chuid na heagraíochta agus cuirfidh le cláir agus le tionscnaimh forbartha ealaíon a chur ar fáil go héifeachtach.
Beidh an ról seo lonnaithe in Oifig Údarás na Gaeltachta i gceann de na réigiúin Ghaeltachta.

Beidh an bheirt a cheapfar lonnaithe in oifig de chuid Údarás na Gaeltachta mar atá luaite thuas, agus beidh rogha ann roinnt den obair a dhéanamh ón mbaile. Beidh roinnt áirithe taistil i gceist. De bharr nádúr na bpost, beidh gá ó am go chéile le hobair thráthnóna agus thar dheireadh seachtaine.

Is é misean Ealaín na Gaeltachta (fochomhlacht de chuid Údarás na Gaeltachta) forbairt na n-ealaíon dúchasach agus comhaimseartha sa Ghaeltacht. Táimid ag feidhmiú faoi láthair de réir Straitéis Ealaín na Gaeltachta 2023-2027. Is fostóir comhdheiseanna é Ealaín na Gaeltachta agus is mór againn an éagsúlacht san eagraíocht. Ní dhéanaimid idirdhealú ar bhonn cine, reiligiúin, datha, eitneachta, inscne, gnéaschlaonta, aoise, stádais pósta ná stádais míchumais. Bíonn Ealaín na Gaeltachta ag feidhmiú de réir Chód Iompair 'Sábháilte le Cruthú'. Is í an Ghaeilge ár dteanga oibre.

Tá na **sonraí poist** ar fáil ar ealain.ie nó trí ríomhphost a sheoladh chuig ma.nifhearraigh@udaras.ie. **Caithfear iarratas a dhéanamh roimh 4.00i.n. ar an Déardaoin, 28 Lúnasa 2025.**
Beidh orthu siúd a chuirfear ar an ngearrliosta a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh sa tseachtain dar tús an 8 Meán Fómhair. Beifear ag súil go mbeidh an té a cheapfar i mbun oibre i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Breis eolais ón Riarthóir,
Ealaín na Gaeltachta Teo.
Údarás na Gaeltachta
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Teil.: (074) 95 60100
R-phost: ma.nifhearraigh@udaras.ie